CÁRTAÍ SCILE

An Lasc-Chic

Agus aghaidh an pheileadóra ar an targaid, nó nuair a bhíonn sí ag gluaiseacht ina threo is mó a úsáidtear an cic seo

Teicníc

Bualadh na liathróide i dtreo na targaide le trácht na coise (áit a bhfuil na barriallacha)

Cloigeann

Súile ar an liathróid feadh an ama

Lámha

Scaoiltear leis an liathróid as an lámh ar thaobh na ciceála

Tá sé tábhachtach an cloigeann a choineáil fút agus an ciceáil i dtreo na targaide a dhéanamh leis an gcuid den bhróg ina bhfuil na barriallacha

Cosa

Céim chun cinn leis an gcos nach bhfuil ag ciceáil

Ciceáil an liathróid le trácht na coise agus déan leanúint i dtreo na targaide



Príomh-phointí

1. Greim daingean ar an liathróid leis an dá lámh
   Ceann fút, súile ar an liathróid
2. Glac céim chun cinn leis an gcos neamh-chiceála agus scaoil an liathróid leis an lámh ar thaobh na ciceála

   Sín amach an lámh eile ar mhaithe le cothromaíocht
3. Ciceáil le trácht na coise agus na méara sínte

   Déan leanúint i dtreo na targaide



Botúin Choitianta

Botún 1

☹ Muna ndéantar an liathróid a chiceáil le trácht na coise, téann sí ar mhíthreo

☺ Tá sé tábhachtach do chloigeann a choineáil fút agus an liathróid a chiceáil i dtreo na targaide leis an áit a bhfuil barriallacha na bróige

Botún 2

☹ Botún eile a déantar minic go leor is ea ligean leis an liathróid ón lámh nach bhfuil ar thaobh na ciceála

☺ Ba chóir ligean leis an liathróid ón lámh ar thaobh na ciceála agus úsáid a bhaint as an lámh eile ar mhaithe le cothromraíocht